


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Gnóthaí Acadúla UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Oifig Eispéireas & Folláine na Mac Léinn- Séiplínigh |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Cúntóir Feidhmiúcháin na Séiplíneachta |
| **Tréimhse an Phoist** | Sealadach 12 mhí |
| **Grád** | Cúntóir Feidhmiúcháin |
| **Scála Tuarastail** | €32,856 - €49,419 |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár (APOM) - Leibhéal Gairme 1 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2026-04-017 |
| **Bainisteoir Líne** | Príomhshéiplíneach agus/nó ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019765 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Nicole Johnston |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | Tá |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Cuireann Foireann Shéiplíneacht UCD tacaíocht do mhic léinn, tréadchúram, treoir spioradálta, agus deis ar fáil do dhaoine bheith mar chuid de phobal lán le tuiscint, meas, agus idirphlé. Táimid ar fáil chun tacú le mic léinn ar mian leo fadhbanna pearsanta a phlé. Tá go leor acu ag tabhairt aghaidh ar chúinsí dúshlánacha ina saol agus ina gcuid staidéir agus teastaíonn ár gcabhair uathu. Táimid ar fáil chun tacú le daoine ó gach ainmníocht agus reiligiún agus do mhic léinn ó gach creideamh agus gan aon chreideamh.

Cuirtear dhá spás ar fáil ar champas: Séiplíneacht San Stiofáin, áit a mbíonn mic léinn ar mian leo creideamh agus spioradáltacht a iniúchadh, a chothú nó a cheiliúradh; ag óstáil réimse leathan imeachtaí do mhic léinn agus imeachtaí creidimh. Ina theannta sin, cuirtear fáilte roimh mhic léinn ag Mol Séiplíneachta UCD, in Ionad na Mac Léinn. Tá sé mar aidhm againn ár gcroíluachanna, comhbhá, machnamh, comhrá, agus comhluadar, a léiriú trí thacaíocht agus cúram a sholáthar, cluas éisteachta, agus spás a thairiscint le haghaidh plé agus idirphlé faoi na príomhcheisteanna daonna.

Tacóidh an Cúntóir Feidhmiúcháin le hobair Shéiplíneacht UCD, atá comhdhéanta faoi láthair de cheathrar séiplíneach agus beirt séiplíneach chomhlach, ag cur cúraim agus cúnaimh ar ardchaighdeán ar fáil do mhic léinn de gach creideamh agus gan chreideamh ar bith. Ba chóir go mbeadh an ceapaí bheith in ann obair as a stuaim féin agus bheith in ann imní agus riachtanais na mac léinn a bhíonn ag freastal ar Fhoirgneamh na Séiplíneachta a aithint. Mar chuid d'fhoireann dhinimiciúil, ba chóir go mbeadh an ceapaí bheith cur leis an tseirbhís séiplíneachta ar an gcampas as a stuaim féin.